1261

Ollscoil na hÉireann, Gaillimh
National University of Ireland, Galway

GX_____

Scrúduithe an tSamhraidh, 2004/2005

Có(i)d Scrúdaithe	1BA1
Scrúdú/Scrúduithe	An Chéad Bhliain sna Dána
Cód an Mhodúil	TI106
Modúl	Tús na Tíreolaíochta Fisiciúla
Scrúdaitheoir(í) Seachtrach(a)	Dr. P. Ó Conchubhair
Scrúdaitheoir(í) Inmheánach(a)	An tOllamh Micheál Ó Cinnéide An Dr John McDonagh An tOllamh Ulf Strohmayer
Treoracha:	Freagair **Ceithre** cheist san iomlán Freagair **2** cheist as **Roinn A**, agus **2** cheist as **Roinn B** Bain úsáid as freagarleabhar ar leithligh do gach **roinn** Tá an líon céanna marcanna ag dul do gach ceist
Fad	3 huaire
Líon na bhFreagarleabhar	2
Líon na Leathanach Roinn/Ranna	2 Tíreolaíocht

Roinn A

1. Chuaigh an tíreolaíocht fhisiciúil trí roinnt tréimhsí agus í ag forbairt. Déan achoimre ghairid ar thrí fhorbairt thábhachtacha **nó** tuairimí triúr 'smaointeoirí' tábhachtacha, a d'imir tionchar, dar leat, ar an tíreolaíocht fhisiciúil a chur chun cinn mar dhisciplín. Tabhair cúiseanna agus samplaí le do fhreagra.

2. Is le roinnt blianta anuas a glacadh leis an gcoincheap go bhfuil a leithéid de rud ann agus samhail dhinimiciúil domhanda a mbíonn a cuid mór-ranna ag gluaiseacht agus a cuid imchuach aigéin 'oscailte agus dúnta'. Déan cur síos gairid ar na teoiricí is mó a chuaigh leis 'an tsamhail dhinimiciúil' seo agus, ag úsáid léaráidí agus samplaí, pléigh cuid den tionchar a bhí aige seo ar ár dtuiscint ar an tírdhreach.

3. Minigh na príomhphróisis lomartha a tharlaíonn i dtírdhreach na hÉireann agus déan cur síos ar an gcaoi a raibh na próisis seo ríthábhachtach maidir le gnéithe agus ionaid áiríthe a dhearadh. Tabhair léaráidí agus samplaí le do fhreagra.

4. Timpeallacht dhinimiciúil atá i gcrios an chósta áit a n-idirghníomhnaíonn uisce, fuinneamh agus dríodar leis an tírdhreach thalmhaí. Déan plé gairid ar an gciall a bhaineann tú as an ráiteas seo agus mínigh na próisis a bhíonn i gceist, agus an réimse gnéithe a bhaineann le forbairt chriosanna an chósta.

Roinn B

5. Scrúdaigh, agus úsáid á baint agat as léaráid cothromú fuinnimh, an ról ríthábhachtach atá ag an atmaisféar in aeráid an domhain a chinneadh agus déan cur síos gairid ar na himpleachtaí aeráide atá ag gáis cheaptha teasa san atmaisféar a bheith ag méadú.

6. Déan cur síos gairid ar na próisis fhisiciúla atá i gceist le frasaíocht agus mínigh na coinníollacha is fearr do bháisteach, sneachta, flichshneachta agus cloichshneachta.

7. Tabhair cuntas míniúcháin léirithe ar na príomhfhachtóirí a chinneann luas agus treo na gaoithe ar an scála domhanda.

8. Mínigh na príomhrialúcháin teochta trí thagairt a dhéanamh don phríomhréisím teochta atá i bhfeidhm in Iarthar na hEorpa.